# Luimneach
# Limerick

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



Siompósiam Yeats Henry
ag An Hunt Músaem.
#IsCultúrMuid

*Yeats Henry Symposium*
*at The Hunt Museum.*
*#WeAreCulture*

# Ábhar
Contents


1 Réamhrá
*Foreword*

2 Cultúr agus Cruthaitheacht i Luimneach
*Culture and Creativity in Limerick*

3 Fís Éire Ildánach do Luimneach
*The Creative Ireland Vision for Limerick*

4 Luachanna Éire Ildánach i Luimneach
*The Creative Ireland Values in Limerick*

5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Luimneach
*Strategic Priorities for Limerick*

6 Cur i bhFeidhm in 2018
*Implementation in 2018*


Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

# 1 Réamhrá
## Foreword

TÁ SÉ LÉIRITHE ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go bhfuil sé ar a cumas an spreagadh agus an phraiticiúlacht a tharraingt le chéile. In 'Luimneach 2030: Plean Eacnamaíoch agus Spásúil do Luimneach', leagtar amach treochlár straitéiseach a bhfuil forbairt chultúir agus eacnamaíochta i gcroílár athnuachan socheacnamaíochta Luimnigh.

Cuireann an plean seo treochlár ar fáil do Luimneach agus is plean uallmhianach agus dinimiciúil é ina ndírítear aird ar an ngá le hinfheistíocht eacnamaíochta agus chultúrtha a mhéadú chun 'fórsa eacnamaíocha agus cultúir a dhéanamh de Luimneach'.

Mar sin, tá an cultúr mar chuid lárnach d'fhorbairt eacnamaíochta Luimnigh. Mar an gcéanna, tá forbairt réimse an chultúir ina gné thábhachtach den obair a bhaineann le dul i ngleic leis an bhforbairt shóisialta. Aithnítear an méid sin i Straitéis Chultúrtha Luimnigh arb é is príomhaidhm straitéiseach dó ná gníomhaíochtaí cultúir a chur ar fáil do phobal Luimnigh ina iomláine.

Freastalaíonn na straitéisí seo ar dhaonra beagnach 200,000 i Luimneach, a bhfuil timpeall a leath ina gconaí sa chathair agus i gceantair bhruachbhailteacha. Léiríonn figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil 42% de dhaonra Luimnigh faoi bhun 30 bliain d'aois agus cé gur tháinig méadú 3.4% ar dhaonra Luimnigh idir 2006 agus 2011 tháinig méadú 13.4% ar an líon daoine idir 55 agus 85 bliana d'aois.

Tugann an fhís fhadtéarmach do Luimneach spreagadh don earnáil chultúir rannchuidiú le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta Luimnigh trí chruthú fostaíochta, trí thurasóireacht, trí chomhfhorbairt áite, agus trí fheabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus ar fholláine. Tá an chathair agus an contae ina n-áit bhríomhar, spreagúil agus fhorásach anois mar gheall ar an dul chun cinn a baineadh amach trí infheistíocht sa réimse cultúir.

LIMERICK CITY AND County Council has demonstrated an ability to connect the inspirational with the practical. Limerick 2030: An Economic and Spatial Plan for Limerick sets out a strategic direction where cultural and economic development are at the heart of the socio-economic regeneration of Limerick.

This plan provides a road map towards a Limerick that is ambitious and dynamic and also highlights the need to accelerate economic and cultural investment to "Transform Limerick into a major economic and cultural force".

Crucially therefore, culture is at the heart of the economic development of Limerick. Equally, development of culture is a critical feature of addressing social development. This is recognised in the Limerick Cultural Strategy where culture for all the people of Limerick is a key strategic aim.

These strategies serve the Limerick population of almost 200,000, around half of which lives in the city and suburban areas. Figures from the Central Statistics Office show that 42% of Limerick's population is under the age of 30 and while the population of Limerick grew by 3.4% between 2006 and 2011; the number of people aged between 55 and 85 years increased by 13.4%.

The long-term vision for Limerick provides the impetus for the cultural sector to contribute to the economic and social development of Limerick through job creation, tourism, place-making and improving quality of life and well-being. The momentum achieved through investment in culture in the last number of years has positioned the city and county as a vibrant, exciting and progressive place.



Cé go bhfuil an domhan mór ag athrú go gasta i gcónaí, is féidir lenár n-oidhreacht agus lenár gcultúr comhaimseartha nasc a chruthú idir sinn féin agus an áit agus idir a chéile agus deis a thabhairt dúinn iniúchadh a dhéanamh orainn féin agus ar an gcaoi a mairimid lena chéile. Cuidíonn an chruthaitheacht linn dul i ngleic le hathruithe agus leis na dúshláin a bhaineann leo. Cuidíonn sí linn rudaí a fheiceáil ina gceart, teacht ar réitigh, bogadh chun tosaigh, agus ceiliúradh a dhéanamh.

Tá pleananna uaillmhianacha ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhair fhorbairt cheantar an údaráis áitiúil amach anseo. Cuimsíonn na pleananna reatha an méid seo a leanas: Luimneach 2030: Plean Eacnamaíoch agus Spásúil, An Straitéis um Fhorbairt Áitiúil: Clár Forbartha Tuaithe 2014–2020; Plean Forfheidhmithe Chreat Athnuachana Luimnigh (2014) agus Pleananna Forbartha Chathair Luimnigh agus Chontae Luimnigh. Is í an aidhm atá ag an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail ná feabhas a chur ar chaighdeán beatha agus ar fholláine na bpobal agus na saoránach i Luimneach, agus leas á bhaint as phrionsabail an chomhionannas, na héagsúlachta agus na comhpháirtíochta.

Mar sin, cuirimid fáilte roimh Chlár Éire Ildánach ina dtugtar meas ar thábhacht na cruthaitheachta agus an chultúir, agus ina dtugtar tacaíocht dó sin, agus táimid ag tnúth le 'Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal' ar mhodh comhpháirtíochta.

**An Comhairleoir Stephen Keary**
Méara Chathair agus Chontae Luimnigh

**Conn Murray**
Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

While the world around us is changing rapidly, our heritage and our contemporary culture have the ability to connect us to the place and to each other and give us a space to explore whom we are and how we live together. Creativity helps us to respond to change and to challenges that come with it. It helps us to put things into perspective, to find solutions, to move forward, to celebrate.

Limerick City and County Council has ambitious plans for the future development of the local authority area. Current plans include: Limerick 2030: An Economic and Spatial Plan, The Local Development Strategy: Rural Development Programme 2014–2020; the Limerick Regeneration Framework Implementation Plan (2014) and the Limerick City and Limerick County Development Plans. The Local Economic and Community Plan (LECP) aims to improve quality of life and wellbeing of communities and for citizens in Limerick working with principles of equality, diversity and partnerships.

It is in that spirt that we welcome the Creative Ireland plan, that values and supports the importance of creativity and culture and looking forward to delivering 'Enabling Creativity in Every Community' in partnership.

**Cllr. Stephen Keary**
Mayor of the City and County Limerick

**Conn Murray**
Chief Executive of Limerick City and County Council

# 2 An Cultúr agus an Chruthaitheacht i Luimneach
## Culture and Creativity in Limerick

#ISCULTÚRMUID. Tá an haischlib sin tar éis teacht chun bheith ina ráiteas cumhachtach faoin ról atá ag cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta i Luimneach agus aithníonn sé gur gach duine ar leith dínn a chruthaíonn an cultúr agus gur le gach duine ar leith dínn é. Mar thoradh ar Chathair Náisiúnta an Chultúir 2014 a óstáil agus ar iarracht a dhéanamh stádas mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 a bhaint amach, tarraingíodh aird ar shaol cultúrtha uaillmhianach Luimnigh agus osclaíodh an saol sin do dhaoine nár ghlac páirt in imeachtaí cruthaitheacha riamh roimhe sin. Cuireadh fuinneamh i gcleachtóirí, spreagadh na saoránaigh agus tugadh ról lárnach don chultúr i mbeartas poiblí agus i bpleanáil i leith thodhchaí Luimnigh.

Tar éis Straitéis Chultúrtha Luimnigh: Creat 2016–2030 a fhorbairt agus a fhoilsiú, bhunaigh Údarás Áitiúil Luimnigh Coiste um Beartais Straitéiseacha sa bhliain 2017, ar coiste é a bhí tiomnaithe don Chultúr amháin (CBS Cultúrtha) agus bhí sé ar an gcéad údarás áitiúil in Éirinn a rinne amhlaidh. Is í aidhm an CBS Cultúrtha ná comhairle a thabhairt do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar fheidhmiú praiticiúil Straitéis Chultúrtha Luimnigh (2016–2030), Bheartas Oidhreachta Luimnigh (2017–2030), na Straitéise um Leabharlann Nua Luimnigh 2018-2022 agus beartas eile áitiúil agus náisiúnta a bhaineann le chultúr. Ina measc siúd áirítear Clár Éire Ildánach 2017–2022, An Beartas Leabharlainne Náisiúnta (2013–2017) agus Straitéis na Comhairle Ealaíon (Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, 2015–2025), gan trácht ar chinn eile.

I Luimneach, ní rud simplí é an cultúr, tá an-chuid gnéithe ag baint leis. Agus an méid sin á chur san áireamh, breathnaímid ar Luimneach agus aird ar leith á tabhairt againn ar an iolracht agus aithnímid ilghnéitheacht

#WEARECULTURE. This hash tag became a powerful statement of the role that culture and creativity play in Limerick and a recognition that culture is created by and belongs to all of us. Hosting the National City of Culture in 2014 and the bid for the European Capital of Culture 2020, put a spotlight on Limerick's ambitious cultural scene and opened it up to many of those who never before engaged in creative activity. It energised practitioners, it activated citizens and it contributed to placing culture at the core of public policy and planning for the future of Limerick.

Following the development and publication of the Limerick Cultural Strategy: A Framework 2016–2030, in 2017, Limerick became the first Local Authority in Ireland to establish a Strategic Policy Committee dedicated exclusively to Culture (Cultural SPC). The purpose of the Cultural SPC is to advise Limerick City and County Council on the practical application of the Limerick Cultural Strategy (2016–2030), Limerick's Heritage Plan (2017–2030), Limerick Library Strategy 2018–2022 and other local and national policies related to culture. These include but are not limited to Creative Ireland Programme 2017–2022, National Library Policy (2013–2017) and The Arts Council Strategy (Making Great Art Work, 2015–2025).

In Limerick, culture is not simple, it has many layers. Aware of that, we look at Limerick through the lens of multiplicity and recognise the variety of identities, cultures, histories,



na bhféiniúlachtaí, na gcultúr, na startha, na dtírdhreacha agus na gcineálacha léirithe atá anntaobh lena chéile, rud a thugann uathúlacht dár gceantar. Glacaimid leis an iolracht, leis an idircheangailteacht agus leis an idirdhisciplíneacht sin mar choinníollacha riachtanacha a ghabhann leis an gcruthaitheacht agus leis an nuálaíocht uilechuimsitheach ar mhaith linn iad a chothú i Luimneach

Tá léiriú air sin le fáil i Straitéis Chultúrtha Luimnigh: Creat 2016–2030, ina dtugaimid sainmhíniú ar chultúr a dhaingnigh UNESCO sa bhliain 2001, is é sin le rá:

> Saintréithe spioradálta, ábharacha, intleachtúla agus mothúchánacha de chuid sochaí nó grúpa sóisialta, ina gcuimsítear, de bhreis ar an ealaíon agus ar an litríocht, cineálacha saoil, modhanna maireachtála, córais luachanna, traidisiúin agus creidimh.
> UNESCO, *Dearbhú Uilechoiteann na hÉagsúlachta Cultúrtha (2001)*

Ghlac CBS Cultúrtha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leis an sainmhíniú sin i mí Eanáir 2018 agus bainfear leas as le linn do Mheitheal Cultúir Éire Ildánach Luimnigh a bheith ag obair chun Clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm inár gcathair agus inár gcontae.

Tá stair shaibhir, cultúr agus oidhreacht láidir Luimnigh fós le feiceáil ina chuid foirgneamh, ar na sráideanna agus sa phobal a chónaíonn ann. Tá baile stairiúil Chill Mocheallóg agus sráidbhaile meánaoiseach Eas Géitine ann, mar aon le láithreán seandálaíochta Loch Goir agus eaglaisí Luimnigh a bhfuil oidhreacht shaibhir chultúrtha iontu ina gcuimsítear saothar de chuid ceardaithe ar nós Wilhemina Geddes agus Harry Clarke, ar nithe iad a léiríonn stádas na hÉireann mar ionad barr feabhais i dtaca le dearadh agus monarú scoth na gloine daite. Tá áiseanna uathúla comhaimseartha

landscapes and forms of expression that co-exist side by side giving our region its uniqueness. We see such multiplicity, interconnectedness and interdisciplinarity as necessary conditions for inclusive creativity and innovation that we aim to foster in Limerick.

This is reflected in Limerick Cultural Strategy: A Framework 2016–2030, where we adopt a definition of culture ratified by UNESCO in 2001, and described as:

> A set of distinctive spiritual, material, intellectual, and emotional features of society or a social group, and that encompasses, in addition to art and literature, lifestyles, ways of living together, value systems, traditions and believes.
> UNESCO, *Universal Declaration of Cultural Diversity (2001)*

The definition was adopted by Limerick City and County Council Cultural SPC in January 2018 and it will inform the work of Limerick Creative Ireland Culture Team in the delivery of Creative Ireland Programme in our city and county.

Limerick's rich history, culture and strong heritage remain ever present in its structures, streets and people. From the historic towns of Kilmallock and medieval village of Askeaton, to the archaeological site at Lough Gur and Limerick's churches which contain a rich cultural heritage of the work of such craftspeople as Wilhemina Geddes and Harry Clarke, a legacy of Ireland's position as a centre for excellence in the design and manufacture of the highest

den scoth ann ar fud na cathrach agus an chontae. Tá 45 craobhacha leabharlainne ann, idir leabharlanna nua agus leabharlanna méadaithe, agus iad go léir fós ábhartha i saol atá ag athrú i gcónaí. Tá saol beo, fuinniúil, ailtéarnach, neamhspleách ann i Luimneach, á reáchtáil ag daoine aonair, ag pobail spéise agus ag neart eagraíochtaí cultúrtha nuálacha agus ag grúpaí amaitéaracha a cheapann go bhfuil an cultúr ina fhoirm thábhachtach den fhéinléiriú. Tá an-chuid daoine cruthaitheacha atá aitheanta go hidirnáisiúnta in earnálacha na scannánaíochta agus na craoltóireachta, an cheoil, na hamharclannaíochta, agus na n-amharc-ealaíon tar éis teacht chun cinn i Luimneach. Tá ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha atá lonnaithe i Luimneach agus a oibríonn go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus a thógann an ealaín ón gcoigríoch isteach sna pobail áitiúla ag leanúint den treocht sin. Tá earnáil na scannánaíochta i Luimneach faoi bhláth agus tá ag éirí leis aitheantas idirnáisiúnta a bhaint amach agus, trí fhorbairt a dhéanamh ar Troy Studios táthar ag cinntiú go mbeidh fostaíocht ar fáil san earnáil. Tá saol gníomhach, fuinniúil féilte agus imeachtaí ann a chuireann beocht inár gcuid spásanna cathartha, a bhunaíonn caidreamh leis an bpobal agus a dhéanann ceiliúradh ar chleachtais chomhaimseartha chruthaitheacha.

Tá áiseanna oideachais chruthaithigh den chéad scoth ar fáil i Luimneach freisin, ar áiseanna iad a fhreastalaíonn ar phobal bríomhar ina bhfuil os cionn 3,200 mac léinn agus iad ag gabháil do raon leathan disciplíní cruthaitheacha. Tá an cumas ag gníomhaíochtaí iontacha tríú leibhéal ealaíne agus cultúir Luimnigh na ceangail atá ann le hearnáil an chultúir i gcoitinne a láidriú chun tacú le teacht chun cinn daoine tallannacha nua agus nuálaíochta.

quality of stained glass. There are unique first class contemporary facilities across the city and county. There are 45 new or extended library branches that continue to stay relevant in a changing world. There is a vibrant alternative and independent live cultural scene in Limerick, led by individuals, and communities of interest and a myriad of innovative cultural organisations and amateur groups who hold culture as an important form of expression. Limerick has produced an array of internationally known creatives in the fields of film and broadcasting, music, theatre and visual arts. This trend is now continued by Limerick based artists and creative practitioners working locally, nationally and internationally and bringing art from overseas to our local communities. Limerick's flourishing film sector is steadily gaining international recognition ensuring employment in the sector with the development of Troy Studios. There is a dynamic and active festivals and events scene which energises our civic spaces, engages citizens and celebrates contemporary creative practices.

Limerick has also distinguished world-class creative education facilities which host a vibrant community of over 3,200 students learning a wide range of creative disciplines. Limerick's outstanding third-level based arts and cultural activity has the potential to deepen its connections with the wider cultural sector to support the emergence of new talent and innovation.





Ach, tá dúshláin i gceist. Tá gá le neartú agus forbairt a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear an cultúr ar fáil i Luimneach agus is gá an cultúr a dhéanamh níos sofheicthe. Is gá tuilleadh nascachta agus líonrúcháin a chothú ar fud chathair agus chontae Luimnigh chun a chinntiú go n-oibríonn earnáil an chultúir, ina hiomláine, ar shlí aontaithe, chomhtháite. Tá sé ríthábhachtach leanúint d'infheistíocht a dhéanamh sna sócmhainní agus sna hacmhainní fisiceacha agus daonna atá ag teastáil chun Luimneach a chothú agus a fhorbairt mar réigiún atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus atá fréamhaithe sa phobal.

However, there are challenges. There is a need to strengthen and develop the way culture is delivered in Limerick and increase its visibility. It is necessary to foster greater connectivity and networking across Limerick city and county to ensure that the cultural sector in its totality works in a unified and integrated manner. It is also critical to continue to invest in the physical and human capital and resources required to sustain and develop Limerick as a region of international standing that is rooted in its community.



Malartú Oideas Domhanda ag Ormston House
*World Recipe Exchange at Ormston House*

# 3 Fís Éire Ildánach do Luimneach
## The Creative Ireland Vision for Limerick

Is í an fhís atá ag Éire Ildánach ná go mbeidh an deis ag gach duine in Éirinn barr a c(h)umais chruthaithigh a bhaint amach. Déantar iarracht an fhís seo a chur i gcrích tri na Cúig Cholún de Chlár Éire Ildánach:

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht san Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Tionscail Chruthaitheacha: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

*Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís. Le go mbainfear an fhís amach, meastar go bhfuil sé riachtanach ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a chur i gceangal le pobail.*

The vision of Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. The vision is pursued through the Five-Pillars of the Creative Ireland Programme:

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

*Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.*



Crinniú na nÓg imeachta i ceann dona leabharlann i Luimneach
*Cruinniú na nÓg activities in one of Limerick's Libraries*



Is í an fhís atá ag Éire Ildánach do Luimneach ná muinín chultúrtha a chruthú inár gceantar ionas go mbeidh tuiscint ag príomhphearsana an lucht déanta cinntí agus ag muintir Luimnigh uilig ar thábhacht an chultúir agus na cruthaitheachta mar ghníomhaí cumhachtach i leith na dlúthpháirtíochta, na forbartha inbhuanaithe agus na folláine, agus go mbeidh siad páirteach san obair a bhaineann le spriocanna na straitéise seo a bhaint amach.

Chun an fhís uaillmhianach atá leagtha amach ag Clár Éire Ildánach a bhaint amach, tá Luimneach ag baint leas as na príomhbhuanna ar aithníodh go hidirnáisiúnta iad i rith phróiseas tairisceana Chathair Náisiúnta an Chultúir agus Phríomhchathair Chultúir na hEorpa. Is iad seo a leanas na buanna sin:

- Neart roinnt eagraíochtaí cultúrtha i Luimneach agus an cumas atá iontu forbairt mar institiúidí náisiúnta;
- Spéis agus ceannasaíocht a léiríonn earnáil chultúir Luimnigh i ndáil le forbairt chultúrtha an ghnáthphobail;
- Tiomantas láidir i leith ról an chultúir agus na n-ealaíon i dtaca le hathnuachan agus le hacmhainn phobail a fhorbairt
- Leas a bhaint as beocht chultúir na hóige agus an tionchar a imríonn líon mór mac léinn;
- Leas a bhaint as oidhreacht áitiúil agus idirchultúrtha, ar oidhreacht shaibhir shíorathraitheach í;
- Forbairt agus cothú caidreamh dearfach de chineál láitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta

The Creative Ireland vision for Limerick is to create a cultural confidence in our region so that the key decision makers and all Limerick citizens understand the importance of culture and creativity as a powerful agent for solidarity, sustainable development and wellbeing, and partake in achieving the goals set out in this strategy.

To achieve the ambitious vision set out by Creative Ireland Programme, Limerick is building on key strengths, which have become internationally recognised during the National City of Culture and European Capital of Culture bidding processes. These are:

- The strength of a number of Limerick's cultural organisations and their capacity to develop as national institutions;
- Interest and leadership in grass roots community cultural development on the part of Limerick's cultural sector;
- Deep commitment to the role of culture and arts in regeneration and capacity building;
- Building on the vibrancy of youth culture and the impact of a large student population;
- Building on the rich and dynamic local and intercultural heritage;
- Development and maintenance of positive local, national and international relationships.




Ministir Cúltur, Oidhreacht agus an Gaeltacht, Josepha Madigan T.D. agus Comhairleoir. Stephen Keary, Méara do Cathar agus contae do Luimneach ag an lainseáil do Cartlann Iascaire an Sionann doiciméad scánann i Luimneach.

*Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht, Josepha Madigan T.D. and Cllr. Stephen Keary, Mayor of The City and County of Limerick at the launch of Shannon Fisherman Archive documentary film in Limerick.*





**Ár bhfís do Luimneach in 2022:**
Tá an cultúr agus an chruthaitheacht lárnach inár saol. Tugann siad pobail le chéile agus cruthaíonn siad deiseanna eacnamaíochta dóibh siúd a bhfuil an chruthaitheacht roghnaithe acu mar shlí.

Thar shaolré na straitéise seo (2018–2022), comhoibreoidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh thar ranna éagsúla agus le heagraíochtaí, comharghrúpaí agus daoine aonair seachtracha, chun tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí cruthaitheacha i Luimneach, chun deiseanna a chur ar fáil do shaoránaigh páirt a ghlacadh i saol fuinniúil an chultúir i Luimneach agus chun ár gceantar a mhúnlú ar mhodh cruthaitheach. Tríd an iarracht chomhchoiteann seo, tá an cultúr agus an chruthaitheach ina ngné bhunúsachde shaol mhuintir Luimnigh anois, rud a chothaíonn athruithe dearfacha agus a bhunaíonn Luimneach mar shuíomh cruthaitheach do dhaoine áitiúla agus, chomh maith leis sin, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá Luimneach ag leanúint de ghlacadh le pobail nua agus le cultúir nua mar chuid dhílis den bhealach chun tosaigh.

Tá an fuinneamh cruthaitheach agus an mórtas áite le brath trasna chathair, bhailte, agus shráidbhailte Luimnigh. Is furasta an cultúr agus an chruthaitheacht a aimsiú. Is réimse spreagúil é. Cuirtear saothar na gcleachtóirí cruthaitheacha chun cinn agus bíonn sé infheicthe san fhearann poiblí. Tá daoine áitiúla agus cuairteoirí in ann teacht ar eolas faoin mbealach gur féidir leo freastal ar thionscadail chultúrtha nó páirt a ghlacadh iontu agus tá líon na ndaoine a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha ag dul i méid. Táimid ag tacú le gach uile phobal blaiseadh a fháil de chultúr trí

**Our vision for Limerick in 2022:**
Culture and creativity is an inherent part of our lives. It brings communities together and creates economic opportunities for those who choose creativity as their career path.

Over the lifetime of this strategy (2018–2022), Limerick City and County Council collaborated across departments and with external organisations, collectives and individuals, to support creative practitioners in Limerick, provide opportunities for citizens to participate in a vibrant cultural life of Limerick and to creatively shape our region. Through this collective effort, culture and creativity is now an inherent element in the life of Limerick people, driving positive change and establishing Limerick as a creative venue for local citizens, as well as on the national and international stage. It continues to embrace new communities and cultures as an integral part of the way forward. The creative energy and pride of place can be sensed across the city, the towns and the villages of Limerick. Culture and creativity is easily accessible. It is exciting. The work of creative practitioners is promoted and visible in the public realm. Local people and visitors to our region can easily find information on how to attend or become a part of cultural projects and there are increased numbers of people participating in creative activities. We are supporting all communities to experience culture through creative projects led by professional creative practitioners; citizens are also encouraged and supported to put their own creative ideas into action. Our culture is intergenerational and cross-community and we made the creative choice the easier choice.

thionscadail chruthaitheacha a bhfuil cleachtóirí cruthaitheacha gairmiúla i gceannas orthu; ina theannta sin, tugtar spreagadh agus tacaíocht do dhaoine a gcuid smaointí cruthaitheacha féin a chur i ngníomh. Is rud idirghlúine agus trasphobail é an cultúr agus dar linn ba é an rogha i bhfabhar na cruthaitheachta an rogha ab éasca.

Tá stuchtúir thacaíochta á mbeartú againn chun tionscal áitiúil cultúir agus cruthaitheachta atá láidir agus inbhuanaithe a fhorbairt. Tá bonneagar an chultúir agus na n-ealaíon ag fás i gcónaí agus tá spásanna don léiriú agus don chur i láthair ealaíonta gairmiúil feistithe go maith chun a chumasú do na cruthaitheoirí scód a ligean lena smaointeoireacht, triail a bhaint as rudaí nua agus barr a gcumais a bhaint amach. Tá an chruthaitheacht á cothú againn, tá oideachas á chur ar fáil againn do chleachtóirí cruthaitheacha agus tá deiseanna á gcur ar fáil againn do ghairmréimeanna sa réimse cruthaitheachta. Cuireann an leabharlann lárnach nua spás ar fáil do mhachnamh, do thaighde agus do ghníomhaíocht ar spás é ar feidir leis na saoránaigh is óige agus is sine úsáid a bhaint as. Tugtar tús áite don infheistíocht in eagraíochtaí cultúir áitiúla agus in infreastruchtur cruthaitheachta. Déantar iarracht leanúnach timpeallacht a sholáthar inar féidir le smaointe uaillmhianacha teacht faoi bhláth, agus ina bhfuil cleachtóirí cruthaitheacha agus daoine den phóbal araon in ann teacht ar spásanna, ar threalamh, ar oiliúint agus ar mhaoiniú atá ag teastáil chun cleachtais rathúla a fhorbairt as a leanfaidh inbhuanaitheacht laistigh san earnáil, rud a rannchuideoidh leis an saol áitiúil cruthaitheachta agus cultúir agus lenár bhfolláine shóisialta. Cuireann na tionscail chruthaitheachta go leor deiseanna spreagúla ar fáil do dhaoine i ngach uile phobal trí thionscnaimh atá idir lámha ag Innovate Limerick, agus ag Engine agus trí thionscnaimh phoiblí agus phríobháideacha eile.

We are devising support structures for the development of a strong and sustainable local culture and creative industry. Culture and arts infrastructure continues to grow and spaces for professional artistic production and presentation are well equipped to enable the creators to think big, experiment and reach their creative potential. We are cultivating creativity, educating creative practitioners and providing opportunities for creative careers. The new central library provides space for reflection, research and activity that includes the youngest to the oldest citizens. Investment in local cultural organisations and creative infrastructure is a priority. Continuous effort is made to provide an environment in which ambitious ideas can thrive and creative practitioners and communities have access to spaces, equipment, training and funding necessary to develop successful practices leading to sustainability within the sector, contributing to the local creative and cultural scene and to our social wellbeing. The creative industries open up exciting opportunities to individuals of all communities through initiatives led by Innovate Limerick, Engine and other public and private initiatives. The work of local crafts people and designers is available in outlets such as Made in Limerick. Local artists and cultural workers are paid for their work.

In 2022, in Limerick, culture and creativity is not an optional extra, it has become an intrinsic element in the physical, social and economic revitalisation of the region. Placing culture and creativity at the heart of public policy continues to improve quality of life and personal wellbeing of creative practitioners, individuals and communities. In Limerick, we are creative, we are connected, we are culturally confident, #WeAreCulture.





Is féidir teacht ar shaothar de chuid ceardaithe áitiúla agus dearthóirí áitiúla in ionaid díolacháin ar nós Made in Limerick. Faigheann ealaíontóirí áitiúla agus oibrithe cultúrtha íocaíocht i leith a gcuid oibre.

In 2022, ní rogha sa bhreis iad an cultúr agus an chruthaitheacht i Luimneach, mar tá siad anois ina ngnéithe lárnacha d'athbheochan fhisiciúil, shóisialta agus eacnamaíoch an cheantair. Toisc go bhfuil an cultúr agus an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí, táthar ag leanúint d'fheabhas a chur ar chaighdeán beatha agus ar folláine phearsanta na gcleachtóirí cruthaitheacha, na daoine aonair cruthaitheacha agus na bpobal cruthaitheach. I Luimneach, táimid cruthaitheach, táimid nasctha agus tá muinín chultúrtha againn, #IsCultúrMuid



Céiliúradh Lá na hAifric i Luimneach
*Limerick Africa Day Celebrations*

# 4 Luachanna Éire Ildánach i Luimneach
## The Creative Ireland Values in Limerick

TÁ STRAITÉIS CHULTÚIR agus Chruthaitheachta Luimnigh 2018–2022 bunaithe ar luachanna Éire Ildánach: *Comhoibriú, Cumarsáid, Pobal, Rannpháirtíocht, Uilechuimsitheacht* agus *Cumhachtú*. Ceann de na buanna is fearr atá ag Luimneach ná na pobail bhríomhara agus na heagraíochtaí pobalbhunaithe atá ann. Tá ról ríthábhachtach ag muintir Luimnigh i dtaca le saol cultúrtha agus éiceachóras Luimnigh a shamhlú agus a fhorbairt, agus i dtaca le tacaíocht a thabhairt do na nithe sin, agus tá ról ag gach duine i dtaca leis sin de.

Laistigh de chomhthéacs an chomhoibrithe agus an chumhachtaithe i Luimneach, tugann Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Luimnigh spreagadh agus tacaíocht i leith ceannaireacht láidir, shoiléir, chomhoibríoch ag leibhéal institiúideach, eagraíochtúil agus pobail. Ina theannta sin, táimid tiomanta i leith fhorbairt leanúnach chumas Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a bheith i gceannas ar fhorbairt earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta i Luimneach trínár Meitheal Cultúir, tríd an gCoiste Beartais Straitéisigh ar Ghnóthaí Cultúir agus trí gheallsealbhóirí agus lucht tionchair eile.

Cuirimid fáilte roimh chomhthionscadail trasphobail a aithníonn taithí, saineolas agus ilchineálacht na gcleachtóirí cruthaitheacha, na bpobal cruthaitheacha agus na gcomhpháirtithe cruthaitheacha eile atá ann sa cheantar. Samhlaímid go mbeidh daoine gairmiúla agus díograiseoirí ag obair taobh le chéile, agus meas acu ar eispéiris a chéile agus iad ag foghlaim óna chéile. Molaimid tiomantas na n-eagraíochtaí cultúrtha áitiúla i leith na huilechuimsitheachta agus i leith cláir chultúir a fhorbairt a thacaíonn le cleachtóirí cruthaitheacha gairmiúla barr feabhais a bhaint amach, ó thaobh cúrsaí ealaíne de, agus a thugann cuireadh do gach saoránach páirt a ghlacadh sa chultúr agus sa chruthaitheacht i mbealaí atá spreagúil, feabhsaitheach agus sásúil.

Chun ár bhfís i ndáil le hÉire Ildánach a bhaint amach, agus rannpháirtíocht an phobail ann mar chuid lárnach di, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh cumarsáid shoiléir, inrochtana ann agus go sroicheann an chumarsáid sin gach uile cheantar cathrach agus uirbeach i Luimneach. Oibreoimid chun feabhas a chur ar rochtain ar eolas ar bhealach comhleanúnach chun a chinntiú go gcuirtear na seirbhísí cruthaitheachta os comhair an phobail ar mhodh feiceálach agus go bhfuil deis ag an bpobal leas a bhaint astu, rud a chothóidh rannpháirtíocht an phobail i saol cultúir agus cruthaitheachta na cathrach agus an chontae. Déanfaimid iarracht freisin na gníomhaíochtaí cultúir a thairgimid agus éachtaí cruthaitheacha atá bainte amach againn a chur chun cinn ar an ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn aird a tharraingt ar an tslí ina bhfuil Luimneach chun tosaigh i ndáil le múnlaí dea-chleachtais. Ar mhaithe le freastail ar na saoránaigh uilig, déanfaimid ár ndícheall úsáid a bhaint as na meáin thraidisiúnta ar nós na meán clóite, raidió áitiúil agus líonraí pobail, chomh maith leis na bealaí nua digiteacha a úsáid. Agus déanfaimid scrúdú ar smaointe nua i dtaobh cén chaoi inar féidir linn eolas a chur in iúl agus a chomhroinnt trí líonraí reatha teagmhála a úsáid agus a láidriú.

LIMERICK CULTURE AND Creativity Strategy 2018–2022 is driven by the Creative Ireland values of Collaboration, Communication, Community, Participation, Inclusivity and Empowerment. One of Limerick's greatest strengths is its vibrant communities and community-based organisations. Limerick's citizens play a crucial role in envisioning, developing and supporting its cultural life and ecosystem, and everyone has a role to play.

Within the Limerick context of collaboration and empowerment, Limerick Culture and Creativity Strategy 2018–2022 encourages and supports strong, clear and collaborative leadership on institutional, organisational and community level. We also commit to continuous development of Limerick City and County Council's capacity to lead the development of the culture and creativity sector in Limerick through our Culture Team, the Cultural SPC and other key stakeholders and influencers.

We welcome cross-community collaborative projects recognising the experience, expertise and diversity of local creative practitioners, communities and other partners. We envision professionals and enthusiasts working together side by side, valuing each other's experiences and learning from each other. We commend the commitment of local cultural organisations to inclusivity and development of cultural programmes that both support professional creative practitioners in achieving artistic excellence, and invite all citizens to engage with culture and creativity in ways that are stimulating, enriching and fulfilling.

Clear and accessible communication that reaches all municipal and metropolitan districts of Limerick is paramount to achieving our Creative Ireland vision, with citizen engagement at its core. We will work to improve access to information in a coherent way to ensure the visibility of creative services and opportunities are heard and responded to, allowing for citizen engagement in the cultural and creative life of our city and county. We will also make efforts to promote our local cultural offer and creative achievements on the national and international scene to highlight how Limerick is leading the way in best practice models. In an effort to reach all citizens, we will endeavour to utilize both the traditional media, such as print, local radio and community networks, as well as the new digital channels. We will also explore new ideas of how we can communicate and share information through utilising and strengthening existing networks of engagement.

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Luimneach
## Strategic Priorities for Limerick

IS IAD NA MEITHLEACHA Cultúir, ina gcuimsítear pearsanra ábhartha laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, atá i gceannas ar Chlár Éire Ildánach go háitiúil. Faoi láthair, tá roinnt ranna ann a bhfuil baint acu le seirbhísí cruthaitheacha a chur ar fáil nó a úsáideann uirlisí cruthaitheacha chun daoine a spreagadh agus plé a dhéanamh leo. Áiríonn siad sin an Oifig Chultúir agus Ealaíon, ar a bhfuil an phríomhfhreagracht i ndáil leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil do chleachtóirí agus d'eagraíochtaí cruthaitheacha, Seirbhísí Leabharlainne lena ngabhann 45 chraobh timpeall na cathrach agus an chontae, Músaem agus Cartlann Luimnigh, Gailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh, na Ranna Oidhreachta, Seandálaíochta, Timpeallachta, Forbartha Sóisialta, Turasóireachta agus Forbartha Eacnamaíochta, Innovative Limerick agus Luimneach Sláintiúil. Glacann na ranna sin uilig treoir óna gcuid pleananna agus straitéisí beartais faoi seach ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta. Príomhaidhm a ghabhann le bunú Meithle Cultúir áitiúla agus le forbairt Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Luimnigh 2018–2022 is ea comhleanúnachas a chothú sna straitéisí aonair cultúrbhunaithe a threoraíonn obair Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus obair bhaill éagsúla na Meithleacha Cultúir a ailíniú.

Rinneadh an obair seo a leanas chun tosaíochtaí straitéiseacha Cultúir agus Cruthaitheachta Luimnigh a shainaithint do na cúig bliana amach anseo:

1. Athbhreithniú ar straitéisí áitiúla agus náisiúnta a bhfuil tionchar acu ar an gcultúr agus ar an gcruthaitheacht i Luimneach, agus é mar aidhm aige sin spriocanna straitéiseacha comónta a shainaithint[1];
2. Athbhreithniú ar thorthaí na hinfheistíochta is déanaí i gCultúr agus moladh maidir le tosaíochtaí a fháil ón gCoiste Beartais Straiteisigh ar Chúrsaí Cultúir lena chur faoi bhráid na Comhairle ina hiomláine;
3. Ceardlann na Meithle Cultúir a éascú ar mhaithe leis na tosaíochtaí a bhaineann leis an gcruthaitheacht agus leis an gcultúr a ailíniú thar ranna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Is é Straitéis Chultúir Luimnigh: Creat 2016–2030 an cháipéis phríomha treorach a úsáideann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le linn seirbhísí cultúir a sholáthar agus le linn an earnáil áitiúil chultúir ealaíon a fhorbairt. Tá an straitéis sin bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta ar dá réir a oibríonn an t-údarás áitiúil go dlúth leis na gníomhaireachtaí agus leis na daoine aonair uilig a bhfuil leas acu, nó a bhfuil ról gníomhach acu, i réimse an chultúir. Feidhmíonn na hocht

[1] Rinneadh athbhreithniú ar liosta iomlán na mbeartas áitiúil agus náisiúnta le linn na tosaíochtaí straitéiseacha a shainaithint agus a ailíniú le haghaidh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Luimnigh 2018–2020 agus áirítear an méid seo a leanas sa liosta sin: Straitéis Chultúir Luimnigh: Creat 2016–2030; Clár Éire Ildánach 2017–2022; Óige Ildánach agus Scoileanna Ildánacha; Straitéis na Leabharlann Poiblí; Straitéis Turasóireachta Luimnigh (2018); Plean Oidhreachta Luimnigh (2017); Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Luimnigh (LECP) 2016–2021; Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 2015–19; Luimneach 2030–Plean Eacnamaíoch agus Spásúil do Luimneach; Cultúr 2025–Éire Ildánach; Mór-Shaothar Ealaíne a Tháirgeadh; Straitéis na Comhairle Oidhreachta agus Plean Éire Shláintiúil.

CULTURE TEAMS CONSISTING of relevant personnel within Limerick City and County Council drive the Creative Ireland Programme locally. Currently there are several departments linked to the provision of creative services or using creative tools as a means of activating and engaging citizens. This includes Culture and Arts Office, which holds primary responsibility for services delivered to creative practitioners and organisations, Library Services with 45 branches across the city and county, Limerick Museum, Limerick Archives, Limerick City Gallery of Art, Heritage, Archaeology, Environment, Social Development, Tourism and Economic Development, Innovate Limerick and Healthy Limerick. All these departments are guided by their respective local and national policy plans and strategies. A primary aim of establishing the local Culture Team and developing the Limerick Culture and Creativity Strategy 2018–2022 is to bring coherence to the individual culture-based strategies that guide the work of Limerick City and County Council and to align the work of the different members of the Culture Teams.

The following work was undertaken in order to identify the Limerick Culture and Creativity strategic priorities for the next five years:

1. A review of local and national strategies that influence culture and creativity in Limerick with a task of identifying common strategic goals[1];
2. A review of outcomes from recent investment in Culture and recommendation on priorities from the Cultural SPC to the full Council;
3. Facilitated Culture Team workshop with a task to align culture and creativity related priorities across the Limerick City and County Council departments.

The primary document guiding Limerick City and County Council in delivery of cultural services and development of the local culture and arts sector is the Limerick Cultural Strategy: A Framework 2016–2030. This strategy is built on a partnership approach in which the local authority works closely with all agencies and individuals who have an interest in, or are actively involved in cultural provision. The eight aims and objectives act as a catalyst for a further step-change in Limerick's cultural development, building on the research conducted during the National City of Culture in 2014. This research included The Economic Impact Study by Grant

[1] A full list of the local and national policies that have been reviewed in the process of identifying and aligning strategic priorities for the Limerick Culture and Creativity Strategy 2018–2020 includes: Limerick Cultural Strategy: A Framework 2016–2030; Creative Ireland Programme 2017–2022; Creative Youth and Creative Schools; Public Libraries Strategy; Limerick Tourism Strategy (2018); Limerick Heritage Plan (2017); Limerick Local Economic and Community Plan (LECP) 2016–2021; Limerick City and County Council Corporate Plan 2015–19; Limerick 2030 An Economic and Spatial Plan for Limerick; Culture 2025–Éire Ildánach; Making Great Art Work; Heritage Council Strategy and Healthy Ireland Plan

n-aidhm agus sprioc mar chatalaíoch i leith tuilleadh mórathruithe i ndáil le forbairt chultúrtha Luimnigh, ach úsáid a bhaint as an taighde a rinneadh maidir le Cathair Náisiúnta an Chultúir in 2014. Chuimsigh an taighde sin an Staidéar ar Thionchar Eacnamaíoch a rinne Grant Thornton Ireland agus trína ndearnadh measúnú ar an tionchar a d'imir óstáil theideal Chathair Náisiúnta an Chultúir 2014, agus an Staidéar ar Thionchar Sóisialta trína ndearnadh measúnacht i dtaobh ar éirigh le teideal Chathair Náisiúnta an Chultúir 2014 deiseanna cruthaitheacha, foghlama agus oibre deonaí a chur ar fail do mhuintir Luimnigh. Ar leith uaidh sin, chuir tairiscint Luimnigh maidir le Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 creat ar fáil i ndáil leis an uaillmhian atá ann don chultúr agus i ndáil leis an mbealach chun cinn.

Trí athbhreithniú a dhéanamh ar chaipéisí beartais ábhartha, trí chomhairliúcháin, agus trí ceardlann éascaithe na Meithle Cultúir, comhaontaíodh na réimsí idirnasctha tosaíochta straitéisí seo a leanas:

1. Cruthaitheoirí sa Todhchaí: Leanaí agus daoine óga;
2. Intinní Cruthaitheacha: Ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a chothú agus tacú leo;
3. Conair na Cruthaitheachta: Nuálaíocht chruthaitheach agus chultúrtha a chothú;
4. Daoine, Áiteanna, Líonraí: Ár n-infreastruchtúr áitiúil cultúir agus cruthaitheachta a chur chun cinn;
5. Scáileáin Chruthaitheacha: Béim ar an scannánaíocht agus ar an gcódú;
6. Saoránaigh Chruthaitheacha: Daoine ag cruthú gníomhaíochtaí cultúir, agus ag teacht ar ghníomhaíochtaí cultúir, ar leac an dorais.

Thornton Ireland that assessed the impact of Limerick's hosting of the National City of Culture title, and the Social Impact Study that assessed if the title National City of Culture successfully provided creative, learning and volunteering opportunities for the citizens of Limerick. Separately, Limerick's bid for European Capital of Culture 2020 provided a framework ambition for culture and the way forward.

Through review of relevant policy documents, consultations and a facilitated Culture Team workshop, the following interconnected areas of strategic priority were agreed:

1. Future Creators: Children and young people;
2. Creative Minds: Nurturing and supporting artists and other creators;
3. Creative Springboard: Fostering creative and cultural innovation;
4. People, Places, Networks: Enhancing our local cultural and creative infrastructure;
5. Creative Screens: A focus on film and coding;
6. Creative Citizens: People creating and accessing culture on their doorstep.








Cruinniú na nÓg –
Coinbhinsiún Scánnán na nÓg
*Cruinniú na nÓg Limerick –*
*Young Film Convention*

Tá na tosaíochtaí sin ailínithe le tosaíochtaí na Straitéise Cultúir agus le hÉire Ildánach a mhéid a bhaineann le Colún 2 – Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal - a chur i bhfeidhm. Rannchuidíonn an bhéim ar an scannánaíocht agus ar an gcódú le léiriú a dhéanamh ar shaintréithe straitéis Luimnigh i leith Éire Ildánach, rud a chruthaíonn pointe difreála don chathair agus don chontae.

**1. Cruthaitheoirí sa Todhchaí: Leanaí agus Daoine Óga**

Nuair a thugtar deis dóibh páirt a ghlacadh sa chultúr agus a bheith cruthaitheach, osclaíonn daoine óga iad féin don saol mór agus osclaítear an saol mór dóibh. Ní hamháin go dtugtar deis dóibh machnamh a dhéanamh ar smaointí spreagúla agus a bhféiniúlacht féin ach foghlaimíonn siad an-chuid scileanna tábhachtacha, mar shampla, cumarsáid, comhoibriú, réiteach fadhbanna, foighne, a bheith in ann riosca a ghlacadh, agus go leor eile. Deirtear go bhfuil féith na cruthaitheachta ionainn go léir nuair a shaolaítear sinn ach, le himeacht aimsire, go n- imíonn an fhéith sin nó go dtagann laghdú ar ár muinín maidir leis an bhféith sin a úsáid. Conas is féidir linn an fhéith sin a chothú agus daoine óga a spreagadh chun an cumas sin a fhorbairt idir tréimhse a luathbhlianta agus an tráth a dtagann siad in inmhe?

An aidhm atá ag an Straitéis maidir le hÓige Chruthaitheach a d'fhoilsigh Éire Ildánach le déanaí ná deis a thabhairt dár leanaí agus dár ndaoine óga teacht chun beith ina saoránaigh chruthaitheacha. Is iad cláir ar nós Scoileanna Ildánacha, Compháirtíochtaí Cruthaitheachta Óige agus Chruinniú na nÓg na príomhbhealaí chun an cultúr agus an chruthaitheacht a chur i láthair leanaí agus daoine óga. Tá gealltanas tugtha ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tacú leis na tionscnaimh sin a chur i bhfeidhm inár gceantar chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chláir áitiúla idir chláir reatha agus chláir nua a dhíríonn ar shaoránaigh óga.

An sprioc is mó atá againn ná comhoibriú le chéile chun deiseanna a chur ar fáil do gach leanbh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha. Aithnímid leabharlanna, scoileanna, seirbhísí óige, eagraíochtaí cultúir agus institiúidí oideachais tríú leibhéal mar chomhpháirtithe tábhachtacha i ndáil le cláir a bhaineann le cur i bhfeidhm na tosaíochta straitéisí seo a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá Clár na nEalaíontóirí i Scoileanna, a reáctálann an Oifig Chultúir agus Ealaíon, ina shampla den soláthar reatha do bhunscoileanna a fheabhsaíonn oideachas cruthaitheach na ndaltaí.

**Cuspóirí maidir le Cruthaitheoirí sa todhchaí:**

- Rochtain ar chultúr agus ar chruthaitheacht do gach leanbh;
- Clár óige spreagúil agus inrochtana in eagraíochtaí óige áirithe agus in eagraíochtaí áitiúla cultúir;
- Clár rathúil Scoileanna Cruthaitheachta i gcathair agus i gcontae Luimnigh;
- Cruinniú na nÓg á stiúradh ag leanaí agus daoine óga;
- Saoránaigh óga atá cruthaitheach, spreagtha agus feasach ó thaobh na cruthaitheachta de.





These priorities align with those of the Cultural Strategy and Creative Ireland in the delivery of Pillar 2 – Enabling Creativity in Every Community. The focus on film and coding contributes to distinguishing Limerick's strategy for Creative Ireland, being a clear point of differentiation for the city and county.

**1. Future Creators: Children and Young People**

When given a space to engage with culture and to be creative, young people open up to the world and the world opens up to them. It not only gives them opportunity to explore exciting ideas and their own identity but it also teaches many important skills, such as communication, collaboration, problem solving, patience, risk taking, to name just a few. It is said that we are all born creative, yet with time this ability, or rather our confidence in using it, fades away. How can we nurture it and encourage young people to carry this ability from their formative years into their adult lives?

The Creative Youth Strategy recently published by Creative Ireland sets out to secure an opportunity for our children and young people to become creative citizens. Programmes, such as Creative Schools, Creative Youth Partnerships and Cruinníu na nÓg, are the principal vehicles for delivering culture and creativity to children and young people. Limerick City and County Council commits to supporting implementation of these initiatives in our region as well as providing support to local existing and new programmes aimed at young citizens.

Our key goal is to work collaboratively to provide opportunities to all children to engage in creative activities. We recognise libraries, schools, youth services, cultural organisations and local third level education institutions as important partners in developing and enhancing programmes to deliver this strategic priority. The Artist in Schools Programme of Culture and Arts Office is one example of the current provision to primary schools that enhances student's creative education.

**Future creators' objectives:**

- Access to culture and creativity for every child;
- Engaging and accessible youth programme in dedicated youth organisations and in local cultural organisations;
- Successful Creative Schools programme in Limerick city and county;
- Children and youth-driven Cruinniú na nÓg;
- Creative, inspired and culturally aware young citizens.




Féile Scánnan Úr. Griangrafanna le Dermot Culhane
*Fresh Film Festival. Photo by Dermot Cullhane*





**2. Intinní Cruthaitheacha: Ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a chothú agus tacú leo;**

I Luimneach tá níos mó ealaíontóirí per capita againn ná mar atá ann i mBaile Átha Cliath. Tugtar meas ar shaothrú agus ar chleachtadh gairmréime chruthaithí, agus tugtar tacaíocht dó sin. Tá sé mar aidhm againn go mbeidh Luimneach ina áit a mbeidh daoine cruthaitheacha ag iarraidh cur fúthu agus obair ann agus ina dtugtar tacaíocht dóibh é sin a dhéanamh. Tá ealaíontóirí, dearthóirí, oibrithe cultúir agus fiontraithe i gcroílár shaol cultúrtha aon áit ar leith. Is iad na daoine iad a thugann beocht do phróisis chruthaitheacha, a leathnaíonn teoireannacha na healaíne agus nach bhfuil eagla orthu an status quo a cheistiú agus a chuireann bealaí chun tosaigh nuálacha agus samhlaíocha chun cinn. Cruthaíonn siad saothair agus móimintí a bhfuil sé de chumas acu daoine a chur faoi gheasa agus iad a spreagadh.

Is é cuspóir na tosaíochta straitéisí seo tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí agus do chruthaitheoirí eile chun barr feabhais a bhaint amach ina gcleachtais agus obair i dtreo earnálacha comhoibríocha agus inbhuanaithe. An sprioc atá againn ná tuilleadh deiseanna a chruthú a ligfidh do chleachtóirí cruthaitheacha a mbeatha a shaothrú as a saothar cruthaitheach i Luimneach agus leanúint d'infheistíocht a dhéanamh chun i bhforbairt struchtúr a chuirfidh ar chumas cleachtas cruthaitheach rath a bheith orthu. Leanfaimid ar aghaidh de bheith críonna ó thaobh cúrsaí cultúir de trí phleanáil a dhéanamh le haghaidh riachtanas agus deiseanna i ngach cáipéis bheartais. Molfaimid go mbeidh tuilleadh tacaíochta ar fáil d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí cruthaitheacha ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, trí líonraí reatha agus trí chomhpháirtíochtaí nua a thacaíonn le cultúr agus cruthaitheacht a phríomhshruthú i mbeartas poiblí, i mbeartas eacnamaíochta agus i mbeartas forbartha sóisialta agus fisicí.

**2. Creative Minds: Nurturing and supporting artists and other creators**

In Limerick, we have more artists per capita than in Dublin. The pursuit and practice of a creative career is valued and supported. We aim that Limerick will be a place where creative people want to live and work and are supported to do so. Artists, designers, cultural workers and entrepreneurs are the beating heart of the cultural life of a place. They are the people who put creative processes in motion, push artistic boundaries and are not afraid to question the status quo and propose innovative and imaginative ways forward. They create works and moments that have the power to mesmerise and inspire.

The objective of this strategic priority is to support artists and other creators in achieving excellence in their practices and to work towards a collaborative and sustainable sectors. Our goal is to generate more opportunities through which creative practitioners can make a living from their creative work in Limerick and continue to invest in developing structures that will enable creative practices to prosper. We will continue to be culturally smart by planning for needs and opportunities across all policy documents. We will advocate for a greater support for artists and creative practitioners on a local, national and international level in both public and private

Tá sé mar aidhm againn tacaíocht a thabhairt do chleachtais ghairimiúla ealaíon trí fhiosracht agus spéis an phobail a chur chun cinn trí chumarsáid níos fear agus trí chur chun cinn na dtionscadal agus na n-imeachtaí cruthaitheacha, rud a dhéanann freastal níos éasca agus níos inrochtana.

**Cuspóirí Intinní Cruthaitheacha:**

- Luimneach már ionad sármhaitheasa ealaíne agus cruthaitheachta;
- Earnáil ghairmiúil chultúir agus chruthaitheachta atá tacúil agus inbhuanaithe;
- Luimneach mar áit chónaithe agus oibre tharraingteach do ghairmithe cruthaitheacha ag gach céim dá ngairmréimeanna.

**3. Conair na Cruthaitheachta: Nuálaíocht chruthaitheach agus chultúrtha a chothú**

Is iomaí cineál nuálaíochta atá ann. D'fhéadfadh sí a bheith i bhfoirm smaointe móra réabhlóideacha a athraíonn na bealaí a smaoinímid agus a mhairimid, agus i bhfoirm na móimintí beag-scála 'aha' a chuireann feabhas carnach ar chúrsaí. Bíodh sé mór nó beag, díríonn an nuálaíocht dhearfach ar an gcaoi a ndéileálaimid leis an saol mór ina bhfuilimid agus a dtagaimh ar réitigh nua agus ar bhealaí nua chun rudaí a chur i bhfeidhm. Ciallaíonn an nuálaíocht, a bhfuil an cultúr ina chuid lárnach di, leibhéal níos airde uilechuimsitheachta a chothú; maireachtáil le chéile ar bhealach níos fearr, a bheith níos sláintiúla agus níos sona, agus a bheith in ann barr ár gcumais a bhaint amach.

sectors, through existing networks and through new partnerships that support mainstreaming culture and creativity in public policy, economy and social and physical development.

We also aim to support professional artistic practices by building curiosity and the interest of audiences through better communication and promotion of creative projects and events, making attendance easier and more accessible.

**Creative Minds' objectives:**

- Limerick as a centre of artistic excellence and creativity;
- Supportive and sustainable professional culture and creativity sector;
- Limerick as an attractive place to live and work for creative professionals at all stages of their careers.

**3. Creative Springboard: Fostering creative and cultural innovation**

Innovation has many faces. It can take a form of big lightning-bolt ideas that revolutionise the way we think and live, and those smaller 'aha' moments that bring cumulative improvements. Whether it is big or small, positive innovation is about the way we creatively respond to the world around us and find new solutions and new ways of making things happen. Innovation with culture at its heart is about fostering greater inclusivity; about living better together, being healthier, happier and able to fulfil our potential.





Chomh maith leis sin, baineann nuálaíocht chultúrtha agus chruthaitheach leis an gcumas chun leas a bhaint as taithí agus críonnacht atá faighte san am a caitheadh inár bpobal d'fhonn bealaí nua, ábhartha a aimsiú chun an todhchaí a fhorbairt agus, ag an am céanna, nascanna lenár n-oidhreacht a chothú. Maidir leis an tosaíocht seo, spreagfaimid cleachtais chomhoibríocha uilechuimsitheacha a chuireann béim ar chomhpháirtíochtaí trasdisciplíneacha agus trasearnála. An aidhm atá againn ná ceangail idir an nuálaíocht agus tionscnaimh chultúrtha, ealaíontóirí agus cruthaitheoirí a fhorbairt trí dhaoine a nascadh le chéile trí thionscadail, trí dheiseanna forbartha gairmiúla agus trí spásanna comhoibre ar nós moil nuálaíochta agus gorlanna smaointe.

Tabharfaidh an bhéim ar nuálaíocht agus ar fhiontraíocht chruthaitheach tacaíocht do chleachtóirí cruthaitheacha gairmiúla maidir lena mbeatha a shaothrú trí úsáid a bhaint as a gcuid sainscileanna cruthaitheacha agus maidir le rannchuidiú le geilleagar áitiúil de chineál níos inbhuanaithe. Ina theannta sin, déanfaidh sé seirbhísí agus táirgí de chineál níos fearr, roghanna de chineál níos eiticiúla agus níos cliste, agus timpeallacht de chineál níos fuinniúla agus níos cruthaithí chun cónaí, obair agus fás inti a chur ar fáil dár saoránaigh.

**Cuspóirí 'Chonair na Cruthaitheachta':**

- Nuálaíocht trí chruthaitheacht;
- Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i mbun oiliúna agus forbairt ghairmiúil leanúnach;
- Cultúr, oidhreacht agus críonnacht áitiúil a aithint mar acmhainní tábhachtacha agus a bheith faoi bhláth trí bhíthin smaointe agus tionscadail nuálacha;
- Fiontraíocht chruthaitheach agus shóisialta atá fuinniúil mar gheall ar spreagadh cultúrtha agus muinín chruthaitheach an phobail.

Cultural and creative innovation is also about the ability to draw from past experiences and wisdom within our communities to find new, relevant ways in which we can build the future while maintaining connections with our heritage. Under this priority, we will encourage collaborative and inclusive practices that foreground cross-disciplinary and cross-sectoral partnerships. Our goal is to develop links between innovation and cultural initiatives, artists and creatives by connecting people through projects, professional development opportunities and co-working spaces such as innovation hubs and idea incubators.

Emphasis on creative innovation and entrepreneurship will support professional creative practitioners in making a living by using their creative skillsets and contributing to a more sustainable local economy. It will also provide our citizens with better quality services and products, more ethical and smarter choices, and more vibrant and creative environment to live, work and grow within.

**Creative Springboard's objectives:**

- Innovation through creativity;
- Limerick City and County Council brokering training and continuous professional development;
- Local culture, heritage and wisdom recognised as important resources and thriving through innovative ideas and projects;
- Vibrant creative and social entrepreneurship resulting from cultural inspiration and creative confidence of our citizens.

**4. Daoine, Áiteanna, Líonraí: Ár n-infreastruchtúr áitiúil cultúir agus cruthaitheachta a chur chun cinn**
Baineann an téarma 'infreastruchtúr' le roinnt ábhar idirghaolmhar. Baineann an chéad ceann, agus an ceann is soiléire, le soláthar na spásanna agus na n-áiseanna fisiciúla cuí chun cur chun cinn agus forbairt an chultúir a chumasú. Tá infreastruchtúr sláintiúil agus inbhuanaithe an-tábhachtach do shaol cultúrtha bisiúil. Le go mbeidh infreastruchtúr den sórt sin ann tá gá le daoine, spásanna agus líonraí atá forbartha go maith agus a thacaíonn lena chéile. Tá gá le fís agus tuiscint go bhfuil na gnéithe fisiciúla, sóisialta agus eacnamaíocha idirspleách agus go bhfuil siad uilig chomh tábhachtach céanna i dtaca le bonneagar láidir cultúir agus cruthaitheachta a chruthú. Faoin tosaíocht straitéiseach seo, bainfimid leas as an gcumas maidir le moil chruthaitheachta agus chultúir agus braislí cruthaitheachta agus cultúir a fhorbairt mar chuid de chláir speisialta forbartha agus athnuachana ar nós Éire 2040 agus, ar bhonn áitiúil, Plean Luimnigh 2030, is é sin, athbheochan na Ceathrún Seoirsí agus bailte stairiúla agus trí rannchuidiú ar mhodh cruthaitheach leis an gClár Athnuachana Baile agus Sráidbhaile. Tá sé mar aidhm againn ceangail níos láidre idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe a chur chun cinn ar fud na cathrach agus an chontae, comhtháthú sóisialta a mhéadú agus deiseanna eacnamaíochta a leathnú ar mhaithe le leas an phobail.

Ina theannta sin, aithnímid nach fiú infre4astruchtúr fisiciúil gan infreastruchtúr bog a bheith ann do dhaoine oilte tiomanta a bhfuil nasc maith ann eatarthu agus atá in ann comhoibriú le chéile. I dtaca leis sin de, déanfaimid ár ndícheall, faoin tosaíocht seo, tuilleadh deiseanna a chur ar fáil le haghaidh líonrú agus chun idirghníomhaíocht agus cumhachtú a fhorbairt.

**4. People, Places, Networks: Enhancing our local cultural and creative infrastructure**
The term infrastructure relates to a number of interrelated matters. The first and most obvious one is about the provision of appropriate physical spaces and facilities to enable the promotion and development of culture. A healthy and sustainable infrastructure is of principal importance for a thriving cultural scene. Such infrastructure requires people, spaces and networks that are well developed and supportive of each other. It requires a vision and an understanding that the physical, the social and the economic dimensions are interdependent and all equally important in building a strong culture and creativity infrastructure. Under this strategic priority, we will explore the potential to develop cultural and creative hubs and clusters in special development and renewal programmes such as Ireland 2040 and locally the Limerick 2030 Plan, revitalisation of Georgian Quarter and historic towns and through creative contribution to Town and Village Renewal Programme. We aim to promote greater urban-rural linkages across city and county, increasing social cohesion and extending economic opportunities to benefit the population.

We also recognise that physical infrastructure means little without skilled and committed people, soft infrastructure, who are well connected with each other and open to collaboration. In that matter, under this priority we will endeavour to provide more opportunities for networking and developing interaction and empowerment.




Clár ealíonteoirí i scoileanna / Sing The Body Electric curtha i láthair trí EVA International. Grianghraf le Deirdre Power

*Artists in Schools Programme / Sing The Body Electric delivered by EVA International. Photo by Deirdre Power*

**Cuspóirí maidir le Daoine, Áiteanna, Líonraí:**

- Infheistiocht leanúnach in infreastruchtúr cultúir agus cruthaitheachta;
- Tuilleadh spásanna le haghaidh smaointeoireachta, chun teacht le chéile, le haghaidh líonrú, chun nithe a dhéanaimh agus le haghaidh cur i láthair;
- Saoránaigh atá ar an eolas faoi shaoráidí láithreacha, agus a bhaineann úsáid assaoráidí laithreacha, amhail leabharlanna, ionaid phobail agus ionaid chultúir;
- An rialtas áitiúil agus an rialtas náisiúnta ag obair le chéile chun eagraíochtaí áitiúla, agus infreastruchtúr áitiúil, cultúir agus cruthaitheachta a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo agus leis a fhorbairt i Luimneach;
- Láithreáin oidhreachta agus spásanna amuigh faoin aer mar áiteanna do rannpháirtíocht an phobail agus do ghníomhaíochtaí cruthaitheacha;
- Oidhreacht agus tírdhreacha nádúrtha Luimnigh mar fhoinse chomhchoiteann bróid, inspioráide agus folláine.

**5. Scáileáin Chruthaitheacha: Béim ar an Scannánaíocht agus ar an gCódú**

Tá Luimneach chun tosaigh maidir le tionscal scannánaíochta agus digiteach na hÉireann a leathnú trí fhorbairt a dhéanamh ar Troy Film Studios, rud a thugann tairbhe inbhraite don gheilleagar áitiúil agus don earnáil chruthaitheach. Ach tá dúshlán ann i gcónaí maidir le hinbhuanaitheacht a chruthú in earnáil na scannánaíochta neamhspleáiche agus in earnáil na féile scannán áitiúla agus oibreoimid chun feabhsú a dhéanamh sa réimse seo.

I Luimneach, d'fhorbair Fresh Film Fesitval múnla dea-chleachtais maidir le forbairt agus soláthar clár rannpháirtíochta do dhaoine óga i réimse na scannánaíochta, ar cláir iad atá dírithe ar dhaoine atá ag gach leibhéal agus a bhfuil gach leibhéal cumais agus uaillmhéine acu. Os a choinne sin, díríonn Féile Scannán Idirnáisiúnta Richard Harris ar aschur reatha scannán ó scannánóirí áitiúla agus náisiúnta a chur ar taispeáint agus a chéiliúradh agus is í an t-aon fhéile scannán in Éirinn í a thugann spreagadh do scannánóirí Éireannacha atá thar lear filleadh ar Éirinn agus a tharraingíonn aird ar a saothar. Tá sé mar aidhm againn freisin béim códú cruthaitheach agus beochan chruthaitheach a spreagadh, go háirithe spreagadh a thabhairt do dhaoine óga úsáid a bhaint as an nuatheicneolaíocht agus gléasanna a úsáid i mbealaí cruthaitheacha táirgiúla, seachas ábhar digiteach a thomhailt gan aon ní eile a dhéanamh leis. Tá Coláiste Mhuire gan Smál ar leac ár ndorais, agus tá siad i mbun taighde maidir le cláir forbartha gairmiúla leanúnaí a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile i réimse an oideachais eolaíochta.

**Cuspóirí maidir le Scáileáin Chruthaitheacha:**

- Luimneach mar lárionad le haghaidh léiriú scannán agus códú cruthaitheach;
- Forbairt ghairmiúil agus deiseanna fostaíochta i dtionscal na scannán don phobal áitiúil agus do chleachtóirí cruthaitheacha d'fhonn cuidiú le méadú a gcuid scileanna;
- Nuatheicneolaíochtaí mar uirlisí le haghaidh léiriú fiúntach agus cruthaitheach, seachas tomhailt ábhair agus an méid sin amháin.

**6. Saoránaigh Chruthaitheacha: Daoine ag cruthú gníomhaíochtaí cultúir, agus ag teacht ar ghníomhaíochtaí cultúir, ar leac an dorais.**

Leanann cultúr Luimnigh as meascán uathúil ár n-oidhreachta – gach rud atá faighte againn in oidhreacht mar shaoránaigh – agus ár gcruthaitheachta – an rud a dhéanaimid leis an oidhreacht mar shaoránaigh. Tagann an chruthaitheacht ó mheascán den chumas agus den timpeallacht, den áit, den oidhreacht agus





**People, Places, Networks' objectives:**

- Continuous investment in cultural and creative infrastructure;
- More spaces for thinking, coming together, networking, making and presenting;
- Citizens aware of and using existing facilities, such as libraries, community centres and cultural venues;
- Local and national government working together to develop cultural and creative organisations and infrastructure of national importance in Limerick;
- Heritage sites and outdoor spaces as venues for citizen engagement and creative activity;
- Natural heritage and landscapes of Limerick as a source of collective pride, inspiration and wellbeing.

**5. Creative Screens: Focus on Film and Coding**

Limerick has lead the way on upscaling Ireland's film and digital industry through the development of Troy Film Studios, delivering tangible benefits for the local economy and the creative sector. However, the challenge remains of creating sustainability in the independent film sector and the local film festival sector and we will work towards improvement in this area.

In Limerick, Fresh Film Festival has developed a model of best practise in relation to the development and delivery of engagement programmes for young people in the area of film aimed at people of all levels, abilities and ambitions. Richard Harris International Film Festival, on the other hand, focuses on showcasing and celebrating current film output from local and national film makers and is the only film festival in Ireland which specifically encourages Irish filmmakers abroad to return to Ireland and highlight their work. We also aim to encourage creative coding and animation, in particular encouraging the young population to engage with new technologies and use devices in creative and productive ways, rather than simply consuming digital content. On our doorstep, Mary Immaculate College are engaged in carrying out research into the delivery of continuous professional development programmes in science education for teachers at primary level.

**Creative Screens' objectives:**

- Limerick as a centre for film production and creative coding;
- Professional development and employment opportunities in film industry for local population, and for creative practitioners to contribute their skills;
- New technologies as tools for meaningful and creative expression and production, rather than solely consumption.

**6. Creative Citizenship: People creating and accessing culture on their doorstep**

The culture of Limerick results from the unique combination of our inheritance – everything that we have inherited as citizens – and our creativity – what we as citizens do with it. Creativity comes from the combination of ability and environment, place, heritage and meaning. Shaping a supportive environment for shared creative expression is a key strategic objective for culture and creativity in Limerick. The aim of this priority is to work with citizens of Limerick, of other parts of Ireland and from across Europe,

den bhrí. Príomhchuspóir straitéiseach i leith an chultúir agus na cruthaitheachta i Luimneach is ea timpeallacht thacúil a chruthú don léiriú cruthaitheach comhroinnte. Is é is aidhm don tosaíocht seo ná oibriú le saoránaigh Luimnigh, le saoránaigh codanna eile de chuid na hÉireann agus le saoránaigh as áiteanna ar fud na hEorpa chun tionscaimh chruthaitheacha de chineál uilechuimsitheach agus ábhartha a chruthú i Luimneach ar tionscnaimh uileghabhálacha chomhoibríocha iad go bunúsach. Oibreoimid i gcomhpháirtíocht chun oiliúint a chur ar fáil, chun comhoibriú a éascú, agus chun deiseanna líonraithe a fhorbairt d'fhonn malartú eolais agus trasphailniú a chumasú, agus chun tacaíocht a thabhairt do smaointe nuálacha reatha agus nua teacht i mbláth agus a bhfuinneamh a scaipeadh i measc shaoránaigh uile Luimnigh.

Tá sé mar aidhm againn muinín ár saoránach, ó thaobh cúrsaí cultúir de, a chothú, ní hamháin mar dhaoine den lucht féachana / éisteachta ach mar dhéantóirí cruthaitheacha chomh maith. Agus spreagadh faighte againn ó shraith gníomhaíochtaí 'Déanta i Luimneach', a chuir os cionn 100 imeachta iontach ar fáil faoi threoir na hearnála pobail agus deonaí in 2014 mar chuid de 'Luimneach, Cathair Cultúir', aithnímid cumhacht na gníomhaíochta cultúrtha a bhíonn á reáchtáil ón mbun aníos agus tábhacht na dteagmhas iontach a tharlaíonn nuair a oibríonn ealaíontóirí agus pobail le chéile. Déanfaimid forbairt air sin trí shruth maoiniúcháin a sholáthróidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar chuid de Chlár Éire Ildánach, agus é mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt do chruthaitheoirí gairmiúla agus do shaoránaigh dhíograiseacha an chruthaitheacht a thabhairt isteach i ngach pobal ar fud chathair agus chontae Luimnigh.

to create immersive and relevant creative projects in Limerick that are inclusive and have collaboration at their very core. We will work in partnership to provide training, facilitate collaborations, and develop networking opportunities to enable exchange of information and cross-pollination, and support new and existing innovative ideas to achieve their potential and spread their energy to citizens all across Limerick.

We aim to build cultural confidence of our citizens, not only as audience members but also as creative makers. Energised by the 'Made in Limerick' strand of activities, which delivered over 100 excellent community and voluntary-led events in 2014 as part of Limerick City of Culture, we recognise the power of ground-up cultural activity and the importance of meaningful moments that happen when artists and communities work together. We will honour this idea through a new funding stream rolled out by Limerick City and County Council as part of the Creative Ireland Programme with an aim to support professional creatives and inspired citizens in bringing creativity into every community across Limerick city and county.

We will continue to invest in cultural festivals that bring communities together to celebrate our identity and creativity, making sure that they are not only tourist attractions but first and foremost have a meaning and legacy for the communities in which they happen. As part of this, we will grow the capacity of local festival organisers to involve citizens in imagining, planning and delivering events in the heart of their communities. We will also make sure that alongside the magic and fun there is commitment to artistic quality, pride and the sense of belonging.





Leanfaimid d'infheistíocht a dhéanamh i bhféilte cultúrtha a tharraingíonn pobail le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar ár bhféiniúlacht agus ar ár gcruthaitheacht, á chinntiú nach ócáidí iad do thurasóirí amháin agus gurb é atá iontu, thar aon ní eile, ná ócáidí a bhfuil baint bhunúsach acu leis na pobail ina dtarlaíonn siad. Mar chuid de seo, cuirfimid feabhas ar chumas eagraithe áitiúla na bhféilte ról a thabhairt do shaoránaigh i ndáil le samhlú, pleanáil agus soláthar imeachtaí i gcroílár a bpobal. Chomh maith leis sin, déanfaimid deimhin de go mbeidh tiomantas ann i leith ardchaighdeán ealaíne, bróid, agus meon muintearais chomh maith le hócáidí draíochta agus spraoi a chur ar fáil.

**Cuspóirí Saoránachta Cruthaithí:**

- Saoránaigh a bheith ar an eolas faoi na gníomh-aíochtaí cultúir agus cruthaitheachta atá ar fáil i Luimneach;
- Rannpháirtíocht na saoránach ag méadú go seasta agus méadú ar an líon daoine a bhíonn ag freastal ar imeachtaí cultúir i Luimneach, ag glacadh páirt iontu agus ag rannchuidiú leo;
- Níos mó deiseanna ardchaighdeáin a bheith ar fáil chun páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúir agus tuiscint a bheith ag na saoránaigh gur féidir leo a gcuid smaointe cruthaitheacha féin a chur os comhair an tsaoil;
- Rannpháirtíocht, mórtas áite, spraoi, folláine agus comhtháthú sóisialta a chruthú i measc na saoránach trí fhéilte agus imeachtaí cultúrtha;
- Dearcadh na saoránach i leith spásanna poiblí a athrú trí idirghabháil chruthaitheach chun úinéireacht agus athbheochan a spreagadh;
- Imeachtaí cultúir agus cruthaitheachta a chur ar fáil ar mhodh cothrom ó thaobh cúrsaí tíreol-aíochta de, ach sin faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil.

**Creative Citizenship's objectives:**

- All citizens are well informed about the cultural and creative offer available in Limerick;
- Citizen engagement steadily increasing with more people attending, participating and contributing to the cultural life of Limerick;
- There are more high quality opportunities to engage and citizens feel empowered to bring their own creative ideas to life;
- Generating citizen engagement, pride of place, fun, wellbeing and social cohesion through festivals and cultural events;
- Changing citizens' perceptions of civic spaces through creative interventions to encourage ownership and regeneration;
- Well geographically balanced cultural and creative offer within the resources available.

# 6 Feidhmiú sa Bhliain 2018
## Implementation in 2018

IN STRAITÉIS CHULTÚIR agus Chruthaitheachta Luimnigh 2018–2022, leagtar síos spriocanna uailmhianacha maidir le cur i bhfeidhm Chlár Éire Ildánach i Luimneach. Déanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh na tascanna seo a leanas a thionscnamh nó a chur i gcrích sa bhliain 2018 chun ár gcuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach:

1. Cruinniú na nÓg – Is tionscnamh náisiúnta é Cruinniú na nÓg a forbraíodh mar chuid de Chlár Éire Ildánach. Beidh sé ar siúl Dé Sathairn, an 23 Meitheamh, agus lena linn beidh imeachtaí cruthaitheacha ann do leanaí agus do dhaoine óga. Iarrtar ar gach údarás áitiúil clár imeachtaí a eagrú a ligfidh do leanaí agus do dhaoine óga páirt a ghlacadh in eachtraí spraíúla agus spreagúla a chothaíonn fiosracht agus cruthaitheacht. In 2018, i Luimneach, cuirfear béim ar an scannánaíocht agus ar an mbeochan.
2. Measúnú ar Chlár na nEalaíontóirí i Scoileanna agus plean a cheapadh le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gclár i bhfianaise Phlean Óige Ildánach agus thionscnamh na Scoileanna Ildánacha
3. Measúnú riachtanas chun na tosaíochtaí a bhaineann le forbairt earnála cultúir agus cruthaitheachta inbhuanaithe gairmiúla a shainaithint.
4. Tionscnamh Mapála Cultúir agus Pleanála Gnó – Bímís Cliste i dtaca le Cúrsaí Cultúir de – Acmhainní mapála cultúir agus cruthaitheachta i Luimneach, chomh maith leis na riachtanais a shainaithint agus cás gnó a fhorbairt, chun tacú le forbairt infreastruchtúir nua fhisicigh agus áiseanna nua fisiceacha don réimse cultúir le go mbeifear in ann an cultúr agus an chruthaitheacht a léiriú, a chur ar taispeáint agus a chur i láthair agus agus le go mbeidh daoine in ann freastal ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta, lena n-áirítear beartas maidir le húsáid shealadach foirgneamh.
5. Forbairt an chumais i leith féilte agus imeachtaí a eagrú:
   - I gcomhpháirtíocht le hOifig Fiontair Luimnigh agus The Wheel, féachfaimid le cumas agus inbhuanaitheacht a fhorbairt san earnáil;
   - I gcomhpháirtíocht le Scoil Ghnó Kemmy, Ollscoil Luimnigh, chuireamar tionscadal Margaíocht Straitéiseach na bhFéilte i bhfeidhm chun forbairt a dhéanamh ar an gcumas i leith féilte a eagrú le go mbeidís ina gcuid lárnach de cheantar áitiúil agus gp mbeadh gné náisiúnta acu freisin agus le go n-éireodh leo a lucht féachana / éisteachta beartaithe a shroicheadh;
   - Iarraidh Oscailte le haghaidh maoiniúcháin d'Fhéilte agus d'Imeachtaí Speisialta, lena n-áirítear maoiniúchán le haghaidh féilte agus imeachtaí comhoibríocha, pobal-lárnacha chomh maith le féilte agus imeachtaí meánscála agus mórscála. Beidh soláthar sonrach ann le haghaidh imeachtaí áitiúla neamhpholaitiúla cuimhneacháin.
6. Déanta i Luimneach: Deontais Phobail le haghaidh Tionscadail Chruthaitheacha – micreadheontais atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail agus do ghairmithe cruthaitheacha a gcuid smaointe cruthaitheacha a chur i bhfeidhm agus fiosracht agus

LIMERICK CULTURE AND Creativity Strategy 2018–2022 sets ambitious goals for the implementation of Creative Ireland Programme in Limerick. The following tasks will be initiated or completed by Limerick City and County Council in 2018 in order to achieve our long-term objectives:

1. Cruinniú na nÓg – Youth Day is a national initiative rolled out as part of Creative Ireland Programme. Taking place on Saturday, 23rd June, it is a day of creative activities for children and young people. Each local authority is invited to organise a programme of events that will engage our young citizens in fun and inspiring adventures that foster curiosity and creativity. In 2018, in Limerick, the focus will be on film and animation.
2. Evaluation of Artists in Schools Programme and a plan for further development of the programme in light of Creative Youth Plan and Creative Schools initiative.
3. Needs assessment to identify the priorities for the development of a sustainable professional culture and creativity sector.
4. Cultural Mapping and Business Planning Initiative – Let's be Culturally Smart – Mapping cultural and creative resources in Limerick as well as identifying needs and developing a business case to support the development of new physical cultural infrastructure and facilities for the production, exhibition, presentation and consumption of cultural activity, including a policy on temporary use of buildings.
5. Festivals and events capacity building:
   - In partnership with Limerick Enterprise Office and The Wheel, we will deliver training for local festival organisers to build capacity and sustainability within the sector;
   - In partnership with Kemmy Business School, University of Limerick we delivered Festivals Strategic Marketing project to build festivals capacity to position themselves within the local and national context and successfully engage their intended audiences;
   - Open Call for Festival and Special Events funding, including funding for collaborative, community focused festivals and events as well as medium and large-scale festivals and events. There will be a specific allocation towards local, non- political commemorative events.
6. Made in Limerick Call Out: Community Grants for Creative Projects – micro-grants aiming to support community groups and creative professionals in putting their creative ideas in motion and activating cultural curiosity and engagement. We are looking for ideas that are simple, yet effective in bringing individuals and communities together, projects that embody the core values of Creative Ireland and are focused on *collaboration, communication, participation, inclusivity* and *empowerment*.

rannpháirtíocht a spreagach i ndáil le cúrsaí cultúir. Táimid sa tóir ar smaointe atá simplí ach, ag an am céanna, atá éifeachtach ó thaobh daoine aonair agus pobail a thabhairt le chéile agus ar thionscadail a léiríonn príomhluachanna Éire Ildánach agus atá dírithe ar *chomhoibriú, ar chumarsáid, ar rannpháirtíocht, ar uilechuimsitheachta* agus ar *chumhachtú*.

7. Saoránaigh a mhealladh trí Obair Dheonach – is bealach fiúntach é an obair dheonach chun páirt a ghlacadh i saol cultúrtha na cathrach agus an chontae agus chun difear a dhéanamh inár bpobail. Leanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh de dheiseanna a chruthú d'oibrithe deonacha chun páirt ghníomhach a glacadh i soláthar ár bhféile agus ár n-imeachtaí cathartha agus chun a gcumas cruthaitheach agus eagrúcháin a fhorbairt. Ina theannta sin, tacóimid le heagraíochtaí áitiúla ina n-iarrachtaí rannpháirtíochta deonaí agus tabharfaimid treoir agus tacaíocht do ghrúpaí cruthaitheacha atá faoi cheaqnnas oibrithe deonacha.

8. Foilseachán ar sheandálaíocht Loch Goir agus tionscadail eile oidhreachta a chuirfear i bhfeidhm chun tacú le hoidhreacht chultúrtha Luimnigh, agus í a chur chun cinn, i rith Bhliain Oidhreacht Chultúrtha na hEorpa 2018.

9. Imeachtaí a reáchtáil a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán, lena n-áirítear léacht phoiblí ar Chomóradh Céad Bliain um Cheart Vótála do Mhná le Sinéad McCool i Meitheamh 2018 (ball den Choiste Náisiúnta ar an gComóradh Céad Bliain) agus

7. Engaging Citizens through Volunteering – volunteering is a way of meaningfully engaging in cultural life of our city and county and to make a difference within our communities. Limerick City and County Council will continue to create opportunities for volunteers to actively take part in the delivery of our civic festivals and events and to develop their creative and organisational capacity. We will also support local organisations in volunteer engagement efforts and we will provide guidance and support to voluntary-led creative groups.

8. A publication on the archaeology of Lough Gur and other heritage projects delivered with an aim to support and promote cultural heritage of Limerick during European Year of Cultural Heritage 2018.

9. Holding events related to the Decade of Commemorations, including a public lecture on Centenary of Women's Suffrage by Sinead McCoole in June 2018 (member of National Centenary Commemoration Committee) and National Library exhibition commemorating the end of World War 1 at Watch House Cross Library and in Kilmallock Library in November and December 2018.





taispeántas sa Leabharlann Náisiúnta ag comóradh dheireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda i Leabharlann Chrois Theach na Foraire agus i Leabharlann Chill Mocheallóg i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2018.

10. Oibriú le ranna éagsúla, agus i gcomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí áitiúla agus le pobail áitiúla, chun tionscadail a chur i gcrích d'fhonn tacú le 'Luimneach mar Chathair Idirchultúrtha'.

11. Straitéis Turasóireachta Luimnigh a fhoilsiú agus tacaíocht don chultúr agus don chruthaitheacht a chur chun cinn mar cheann de na príomhghnéithe a bhainann le forbairt na turasóireachta áitiúla.

12. Tús a chur le forbairt Beartais Ealaíne Poiblí do Luimneach, agus an t-idirchaidreamh idir an t-ealaíontóir agus an saothar ealaíne, an comhthéacs (suíomh-áit, gnéithe sóisialta agus tíreolaíocha) agus an pobal á chur san áireamh.

13. Eolas a chur ar fáil le haghaidh fhorbairt Straitéis Luimnigh maidir le Súgradh

14. Déanfaidh Seirbhísí Leabharlainne Luimnigh tionscadal 'Éire Sláintiúil i do Leabharlann' a chur i bhfeidhm, rud a bhunófar leabharlanna áitiúla ar fud chontae Luimnigh mar fhoinse luachmhar faisnéise sláinte sa phobal.

15. Cuirfear le Limerick.ie chun rochtain níos fearr agus níos éasca a chur ar fáil ar eolas faoin infreastruchtúil áitiúil cultúir.

16. Forbairt an imeacht iontach Lása le Cairde Lása Luimnigh, Cartlann Luimní agus CB1, ag leanúint le tionscadal Iarsmalann Taistil Luimní ag Iarsmalann Luimní.

10. Working across departments and in partnerships with local organisations and communities to deliver projects in support of Limerick as Intercultural City.

11. Publication of Limerick Tourism Strategy with support for culture and creativity as one of the key drivers for local tourism development.

12. Initiating development of Public Art Policy for Limerick taking on board the interrelationship between the artist and the artwork, the context (location – site, social and geographical aspects) and the public.

13. Informing the development of the Limerick Play Policy;

14. Limerick Library Services will roll out the Healthy Ireland at your Library initiative establishing local libraries across county Limerick as a valuable source within the community for health information.

15. Limerick.ie will be further optimised to provide better and easier access to information about local cultural infrastructure.

16. Development of the Amazing Lace event in partnership with Friends of Limerick Lace, Limerick Archives and CB1 and continuation of Limerick Traveling Pop-up Museum project by Limerick Museum.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022